Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**6488/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0250(COD)**

**JAI 199**
**FRONT 72**
**ENFOPOL 70**
**CADREFIN 92**
**CT 16**
**CODEC 260**

## DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí<br>– Ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 15 Meitheamh 2018, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí[1] (dá ngairtear 'ISF' nó 'an Ciste' anseo feasta) faoi Cheannteideal 5 (Slándáil agus Cosaint) den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027.

2. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ag seisiún iomlánach dá cuid an 13 Márta 2019.[2]

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra ag an seisiún iomlánach an 18 Deireadh Fómhair 2018[3].

4. Níor thug Coiste na Réigiún aon tuairim uaidh maidir leis an gCiste sin.

5. An 7 Meitheamh 2019, ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta páirteach[4] a bhí ina shainordú tosaigh don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.
An 12 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta iomlán[5] maidir leis an togra thuasluaite.

6. Chuaigh na comhreachtóirí i mbun caibidlíochta sa dara leath de 2019. Ag an gcruinniú trípháirteach a bhí ar siúl an 10 Nollaig 2020, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach, a cuireadh i láthair ag cruinniú Choiste na mBuanionadaithe an 16 Nollaig 2020[6]. Ag an gcruinniú, thug na toscaireachtaí an tacaíocht is gá don téacs a thíolaic an Uachtaránacht. Leanadh den obair ar an leibhéal teicniúil ina dhiaidh sin, go sonrach chun bailchríoch a chur ar roinnt de na haithrisí, ar théarmaíocht, ar fhorálacha cúlghabháltachta chun leanúnachas maoiniúcháin a áirithiú, agus ar tháscairí.

[1] 10154/18 + ADD 1
[2] 7404/19
[3] 13774/18
[4] 10137/19
[5] 11945/20 + COR 1.
[6] 13862/1/20 REV 1

7. Rinne Coiste na mBuanionadaithe anailís ar an téacs comhréitigh críochnaitheach[7] chun go dtiocfaí ar chomhaontú ina leith ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Feabhra 2021.

8. An 1 Márta 2021, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an comhaontú polaitiúil. Chuir Cathaoirleach Choiste LIBE litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar dearbhaíodh go ndéanfadh an Pharlaimint, dá bhformheasfadh an Chomhairle an téacs ar an gcéad léamh, tar éis a athbhreithnithe ó thaobh dlí agus teanga de, an seasamh ón gComhairle ar an dara léamh a fhormheas.

9. Dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú polaitiúil[8] ag an gcruinniú a bhí aige an 10 Márta 2021.

## II. <u>CUSPÓIR</u>

10. Is é cuspóir an Chiste rannchuidiú le hardleibhéal slándála san Aontas a áirithiú, go háirithe tríd an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht thromchúiseach eagraithe, agus an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac, trí chúnamh agus cosaint a thabhairt d'íospartaigh na coireachta, agus trí ullmhú do theagmhais, rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann leis an tslándáil, cosaint a thabhairt orthu agus iad a bhainistiú go héifeachtach, faoi raon feidhme an Rialacháin.

11. Rannchuideoidh an Ciste leis na cuspóirí sonracha seo a leanas: (i) an malartú faisnéise idir údaráis inniúla na mBallstát agus comhlachtaí ábhartha an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus laistigh díobh, a fheabhsú agus a éascú; (ii) comhar trasteorann, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha i measc agus laistigh d'údaráis inniúla na mBallstát a fheabhsú agus a ghéarú i dtaca leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach eagraithe a bhfuil gné trasteorann ag baint léi; (iii) tacú le hinniúlachtaí na mBallstát a neartú i ndáil leis an gcoireacht, an sceimhlitheoireacht agus an radacú a chosc agus a chomhrac mar aon le teagmhais, rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann le slándáil a bhainistiú.

---

[7] 6106/2/21 REV 1
[8] 6691/21

## III. ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

12. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh ('luath-chomhaontú ar an dara léamh').

13. Léirítear le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar éascaigh an Coimisiún í. Tá achoimre ar phríomheilimintí an chomhréitigh sin thíos.

14. Gníomhaireachtaí maoiniúcháin: Cuireadh mír le hAirteagal 17 chun go mbeidh gníomhaireachtaí de chuid an Aontais incháilithe go heisceachtúil le haghaidh maoiniú nuair a chuidíonn siad le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Aontais a thagann faoi inniúlacht na ngníomhaireachtaí agus nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin cumhdaithe ag ranníocaíocht ón Aontas le buiséad na ngníomhaireachtaí tríd an mbuiséad bliantúil.

15. Gníomhaíochtaí i dtríú tíortha agus maidir le tríú tíortha: Rinneadh comhréiteach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an mbreisiú in Airteagal 8 gur cheart, le cuid shuntasach den chistiú ón tsaoráid théamach, tacú le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó i ndáil le tríú tíortha chun 'rannchuidiú le bainistiú na himirce seachtraí' (aistriúchán neamhoifigiúil). Athraíodh an fhoclaíocht ar an gcaoi seo: 'an choireacht a chomhrac agus a chosc, i measc nithe eile, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine agus líonraí smuigleála coiriúla trasteorann a chomhrac'(aistriúchán neamhoifigiúil).

16. 'Comhar faisnéise': Sa seasamh ón bParlaimint, áiríodh leasú lena dtugtar isteach cultúr coiteann faisnéise a fhorbairt mar cheathrú cuspóir sonrach. Mar chomhréiteach, thángthas ar chomhaontú sealadach i ndáil le haithris maidir le comhar agus malartú faisnéise i ndáil le coireacht thromchúiseach eagraithe agus sceimhlitheoireacht.

17. Trealamh caighdeánach: Maidir le hAirteagal 4(3)(b) sa togra ón gCoimisiún, lena ndéanfaí ceannach nó cothabháil trealaimh chaighdeánaigh a eisiamh ó mhaoiniú, cuireadh aithris isteach ina ionad.

18. Gníomhaíochtaí neamh-incháilithe ba cheart a bheith incháilithe i gcásanna éigeandála: In Airteagal 4(3), i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, tá líon níos teoranta gníomhaíochtaí neamh-incháilithe ann atá incháilithe i gcásanna éigeandála. Mar shampla, tá gníomhaíochtaí a bhfuil cuspóir míleata nó cosanta acu neamh-incháilithe i gcónaí.

19. Trealamh a cheannach: Rinneadh an céatadán den leithdháileadh ó chlár Ballstáit is féidir a úsáid chun trealamh a cheannach a mhéadú ó 15 % sa togra ón gCoimisiún go 35 %.

20. Tacaíocht oibriúcháin: Rinneadh céatadán an leithdháilte a fhéadfar a úsáid do thacaíocht oibríochta a mhéadú ó 10 % go 20 %.

21. Gníomhartha tarmligthe seachas gníomhartha cur chun feidhme. Glacfaidh an Coimisiún cláir oibre trí ghníomhartha cur chun feidhme (nós imeachta scrúdúcháin).

## IV. CONCLÚID

22. Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus tacaíocht á fáil acu ón gCoimisiún.

23. Creideann an Chomhairle gur comhréiteach cothrom atá ina seasamh ar an gcéad léamh agus go mbeidh ról lárnach ag an Rialachán nua, a luaithe a ghlacfar é, chun an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht thromchúiseach, eagraithe, agus an chibearchoireacht, a chosc agus a chomhrac, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hardleibhéal slándála a ráthú san Aontas.